# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2012

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# EACNAMAÍOCHT

## Gnáthleibhéal

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2012
# SCÉIM MHARCÁLA

# EACNAMAÍOCHT
# GNÁTHLEIBHÉAL

# EACNAMAÍOCHT
# GNÁTHLEIBHÉAL

# Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach nó cinntitheach.
- Déanfar pointí ábhartha breise a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais.
- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon namarcanna a shanntar don fhreagrasascrúdpháipéar a chinneannnamionsonraí a bheidhag teastáil i bhfreagra ar bith. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh marcanna athrú ó bhliain go bliain.

## *INNÉACS NA GCEISTEANNA*


| Uimhir | Ábhar | Lch (lgh) |
|---|---|---|
| | | |
| | **ROINN A** | **3 - 6** |
| | **ROINN B** | |
| **1** | **Iomaíocht Neamhfhoirfe** | **7 - 9** |
| **2** | **Éileamh, Soláthar, Margaí agus Táillí dola** | **10 - 12** |
| **3** | **Costais, Fiontraíocht, Siopadóireacht áitiúil** | **13 - 17** |
| **4** | **Airgead, Babhtáil, rátaí Úis agus Boilsciú** | **18 - 20** |
| **5** | **Ioncam Náisiúnta agus an geilleagar dubh** | **21 - 23** |
| **6** | **Dífhostaíocht, Bonneagar agus éifeachtúlacht Fuinnimh** | **23 - 26** |
| **7** | **Trádáil agus Corparáidí Ilnáisiúnta (CINí)** | **27 - 30** |
| **8** | **Téarmaí, Cánachas agus an Fiachas Náisiúnta** | **31 - 33** |

# ROINN A

**1.(a)** Cén duine de na h**eacnamaithe** seo a leanas a d'fhorbair **Prionsabail an Chánachais**?
***(Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart.)***

**John Maynard Keynes** **Adam Smith** **David Ricardo**

**2 mharc**

**(b)** Maidir leis na**prionsabail chánachais** seo a leanas, meaitseáil an prionsabal leis an míniú cuí.

| Prionsabal | Míniú |
|---|---|
| **A.** Cothromas | **1.** Ba cheart gur mhó an t-ioncam cánach a bhailítear ná an costas bailiúcháin. |
| **B.** Cinnteacht | **2.** Ba cheart an cháin a bhailiú ar bhealach agus tráth a fheileann don cáiníocóir. |
| **C.** Áis | **3.** Baintear céatadán níos airde d'ioncam an duine mar cháin de réir mar a mhéadaíonn ioncam an duine. |
| **D.** Barainneacht | **4.** Ba cheart do bhille cánach gach aon duine a bheith soiléir. |

| PRIONSABAL ⟶ | A | B | C | D |
|---|---|---|---|---|
| MÍNIÚ ⟶ | 3 | 4 | 2 | 1 |

**1ú dhá fhreagairt chearta x 4 mharc an ceann . 2ú dhá cheart x 3 mharc an ceann.**

**2.** Thug rialtas na hÉireann isteach scéim **rothar-chun-na-hoibre** a spreagann daoine le dul ag obair ar rothar. Tabhair breac-chuntas ar **dhá bhuntáiste eacnamaíocha** a bhaineann leis an scéim seo.

1. Laghdú a d'fhéafadh a bheithannarphlódú tráchta.
2. Astaíochtaí laghdaithe bhreosla/ níos lú damáiste don chomhshaol.
3. Acmhainní ganna sábháilte: laghdú ar an éileamh le haghaidh ola.
4. Daonra a d'fhéadfadh a bheith níos sláintiúla: costais laghdaithe shláinte phoiblí.
5. Astaíochtaí laghdaithe carbóin: fíneálacha a íoctar leis an AE laghdaithe.
6. Éileamh méadaithe le haghaidh rothar: fostaíocht mhéadaithe i ndíol/i ndeisiú rothar.
7. Bailte nach mbíonn chomh cúng: níos fusa siopadóireacht a dhéanamh; seachadadh níos gaiste; costais laghdaithe ghnó.
8. Bíonn níos mó ioncaim indiúscartha ag oibrithe sa siocair go gcaitear níos lú ar bhreosla / chothabháil ghluaisteáin.
9. Féadfar daoine rothair a cheannach ar chostais laghdaithe mar gheall air.
10. Féadfar tomhaltóirí an rothar a cheannach anois agus íoc as níos moille mar gheall air.

**An 1ú freagairt cheart: 12 mharc. An 2ú freagairt cheart: 4 mharc an ceann.**

**3. Comhlánaigh an ráiteas seo a leanas: (16 mharc)**

Déantar an toisc tháirgeachta, saothar, a shainmhíniú mar an iarracht**daonna**a bhaineann le **hearraí**agus seirbhísí a tháirgeadh. Is é a thugtar ar an íocaíocht as saothar ná**tuarastal/pá**.

**An 1ú freagairt cheart: 8 marc. An2ú agus 3ú freagairtcheart: 4 mharc an ceann.**

**4.** Is é is '**déine**' ann ná iarmhairt an pholasaí easnaimh ar bhuiséad an rialtais a laghdú.
Tabhair breac-chuntas ar **aon dá bhealach** a bhféadfadh bearta déine an rialtais dul i bhfeidhm ar shaoránaigh na hÉireann. **(16 mharc)**

1. **Cánacha níos airde**/ cánacha úra a thabhairt isteach: rátaí níos airde CBL; cáin tí, srl.
2. **Laghdú ar an gcaighdeán maireachtála**: mar gheall ar ioncaim laghdaithe.
3. **Dífhostaíocht mhéadaithe:** agus laghdú ann ar éileamh tomhaltóra tá postanna caillte ag daoine, agus tá méadú ar leas sóisialach.
4. **Eisimirce mhéadaithe:** roghnaigh daoine áirithe Éire a fhágáil chun caighdeán níos fearr maireachtála a aimsiú.
5. **Muirir mhéadaithe ar sheirbhísí** ar nós bailiú bruscair; muirir uisce a thabhairt isteach.
6. **Caillteanas seirbhísí:** meath i seirbhísí sláinte; caillteanas SNAnna i scoileanna, srl.
7. **Caillteanas muiníne as an ngeilleagar:** fiontraithe a d'fhéadfadh a bheith ann gan a bheith toilteanach tabhairt faoi rioscaí.

**An 1ú freagairt cheart: 12 mharc. An 2ú freagairt cheart: 4 mharc an ceann.**

**5.** Tá rialtas na hÉireann ag smaoineamh ar acmhainní a phríobháidiú. Is mian leis an AE / CAI go n-úsáidfí an t-ioncam a gheofaí chun fiachas náisiúnta na hÉireann a laghdú. Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi **agus** luaigh cad dó a seasann na ceannlitreacha AE agus CAI. **(16 mharc)**

Is éard is brí leis seo **go ndíoltar cuideachta faoi úinéireacht an stáit/ an rialtais**
Le húinéirí príobháideacha.

**6mharc**

**AE:An tAontas Eorpach**

**CAI (IMF):An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta.**

**5 focal ag 2 mharc an ceann.**

**6.** Is í seo a leanas an fhoirmlechunPraghasleaisteachas an Éilimh a thomhas:

$$\frac{\Delta Q}{\Delta P} \times \frac{P_1 + P_2}{Q_1 + Q_2}$$

Comhlánaigh an tábla seo a leanas agus taispeáin cad dó a seasann gach ceann de na siombailí thuas:
**(17 marc)**

| | |
|---|---|
| **$\Delta Q$** | Athrú ar an gcainníocht den earra a éilítear. |
| **$\Delta P$** | **Athrú ar an bpraghas.** |
| **$P_1$** | **Praghas bunaidh.** |
| **$P_2$** | **Praghas Nua/ Reatha.** |
| **$Q_1$** | Cainníocht tosaigh an earra atá á éileamh. |
| **$Q_2$** | **Cainníocht nua / reatha an earra.** |

**An 1ú freagairt cheart: 8 marc. 2ú, 3ú& 4ú freagairt cheart: x 3 mharc an ceann.**

**7.** Tá imní ar an Aire Stáit sa Roinn Sláinte faoi chostas íseal an alcóil sna hollmhargaí in Éireann. Tabhair breac-chuntas ar **bheart eacnamaíoch amháin** a d'fhéadfadh an tAire a dhéanamh chun go spreagfaí daoine le níos lú alcóil a ól agus ar **bhuntáiste amháin** a bheadh ann don tsochaí dá laghdófaí an méid alcóil a óltar. **(17 marc)**

**Gníomhaíocht eacnamaíoch amháin:**

1. **Cánacha:** méadaigh cánacha (dleacht mháil/CBL) ar alcól
2. **Uaireantaoscailte:**cuir srian ar uaireanta oscailte.
3. **Tabhair isteach srianta leis an méid a fhéadtar a cheannach** ar nós paraicéiteamóil.
4. **Srianta aoise:** ardaigh an aois dhlíthiúil chun alcól a ól.
5. **Pointí díolacháin:** cuir srian ar líon na n-áiteanna ina ndíoltar alcól.
6. **Urraíocht:** cuir cosc ar an Tionscadal Deochanna urraíocht / fógraíocht a dhéanamh ar ócáidí.
7. **Ceadúnais Caifé:** déan athmhachnamh ar cheadúnais a cheadú do bheáir ar nós caifé.
8. **Feasacht**: bain úsáid as feachtais fógraíochta chun feasacht a ardú maidir leis an mbaol a bhaineann le barraíocht alcóil a ól.
9. **Praghas:**tabhair isteachíos phraghas an gram ar a bhféadtaralcól a dhíol.

**Buntáiste Amháin:**

1. **Laghdú ar leibhéil neamhláithreachta**: féadfaidh oibrithe a bheith as láthair níos annaimhe.
2. **Brú laghdaithe ar ospidéil:** le níos lú daoine á gcur isteach i rannóga Timpistí agus Éigeandála.
3. **Táirgiúlacht mhéadaithe:** féadfaidh oibrithe a bheith níos táirgiúla mar gheall ar tháirgiúlacht mhéadaithe.
4. **Laghdú ar bhásanna a bhaineann le halcól / laghdú ar leibhéil choireachta.**
5. **Sláinte / folláine: féadfaidh an pobal leas a bhaint as a bheith níos sláintiúla.**

**An 1ú freagairt cheart: 12 mharc. An 2ú freagairt cheart: 5 mharc.**

**8.** *'Thuairiscigh na déantóirí éadaí spóirt is mó in Éirinn go raibh borradh faoin líon de gheansaithe CLG (GAA i mBéarla) a díoladh san Astráil.' (The Irish Times, 5 Samhain 2011)*

Tá sé sin ar na torthaí a bhaineann le saoránaigh na hÉireann a bheith ag dul ar imirce faoi láthair. Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi agus luaigh bealach **amháin** eile a mbíonn tionchar eacnamaíoch ag an imirce ar gheilleagar na hÉireann. **(17 marc)**

**Míniúchán:**

**Gluaiseacht náisiúnach Éireannach** chun**cónaithe in áit eile**/ chuig tíortha eile.

**Tionchar eacnamaíochta amháin**

1. **Caillteanas scileanna do gheilleagar na hÉireann msh. ceardaithe oilte.**
2. **Laghdú ar éileamh sa bhaile i ngeilleagar na hÉireann.**
3. **Caitheamh laghdaithe ar leas sóisiala bheadh ina thoradh arlaghdú arleibhéil na dífhosatíochta.**
4. **D'fhéadfadh caillteanas muiníne as an ngeilleagarinfheistíocht/fionraithe a dhíspreagadh.**
5. **Brú laghdaithe ar sheirbhísí an stáit.**
6. **Caillteanas ioncaim don stát (CBL, ÍMAT, srl) má bhí eisimircigh fostaithe.**
7. **Toradh ar bith ar infheistíocht an rialtais ar eisimirce oideachais**
8. **Cóimheas cleithiúnais: Is dóigh go n-ardóidh sé seo agus beidh leibhéil chánach níos airde ag teastáil dá bharr.**

**An 1ú freagairt cheart: 11 mharc.**
**An 2ú freagairt cheart: 6 mharc.**

**9.** Tabhair breac-chuntas ar an tionchar eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ag méadú sa ráta CBL ó 21% go 23% i gcás **gach ceann** díobh seo a leanas: **(17 marc)**

**An tsiopadóireacht trasteorann**:

Féadfar go spreagfar daoine le dul go Tuaisceart Éireann i mbun siopadóireachta agus go mbeidh laghdú ann in ioncam CBL a bhaileoidh an rialtas dá réir.

**Leibhéil fostaíochta na hÉireann**:

Beidh laghdú ar leibhéil fostaíochta mar thoradh air seo má thiteann éileamh tomhaltóra.


**Easnamh ar Bhuiséad an Rialtais:**

Titeann caiteachas agus bíonn laghdú ar ioncaim CBL mar thoradh air seoagusméadófar an t-easnamh dá réir.
Féadfar leas sóisialta méadaithe a bheith mar thoradh ar dhífhostaíocht mhéadaithe - agus méadófar an t-easnamh dá réir.

**An 1ú freagairt cheart: 9 marc. An2ú agus 3ú freagairt cheart: 4 mharc an ceann.**

## C.1 IOMAÍOCHT NEAMHFHOIRFE

Sa léaráid thíos taispeántar cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta in **Iomaíocht Neamhfhoirfe**.




(a) Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar. **(30 marc)**

(i) Cuir lipéad soiléir ar gach ceann de na línte ó 1 go 5.

| Níl | Teideal Iomlán: | |
|---|---|---|
| 1 | Praghas | **4 mharc** |
| 2 | Costas Imeallach | **4 mharc (2+2)** |
| 3 | Meánchostas | **4 mharc (2+2)** |
| 4 | Meánioncam/Éileamh | **4 mharc (2+2)** |
| 5 | Cainníocht | **4 mharc** |

(ii) Bíonn cothromaíocht ann ag an bpointe E ar an léaráid. Taispeáin ar do léaráid:

- An chainníocht a tháirgfidh an gnólacht i gcothromaíocht (úsáid an lipéad Q1)
- An praghas a ghearrfaidh an gnólacht ar Q1 (úsáid an lipéad P1)
- Meánchostas táirgeachta an aschuir seo (úsáid an lipéad C1)

| | |
|---|---|
| **$Q_1$** | **an chainníocht a tháirgfidh an gnólacht** |
| **$P_1$** | **an praghas a ghearrfar ar an aschur seo** |
| **$C_1$** | **Meánchostas táirgeachta an aschuir seo** |

**An1ú agus 2ú freagairt cheart: 2 x 4 mharc. An3ú freagairt cheart: 2 mharc.**

(b) <u>Déanann gnólachtaí atá in iomaíocht neamhfhoirfe earraí atá ina ngar-ionadaigh a tháirgeadh.</u>

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Luaigh **dhá** ghné eile den iomaíocht neamhfhoirfe.
(iii) Scríobh nótaí gearra ar **gach ceann** díobh sin.

**(21 marc)**

(i) <u>Ionadaithe cóngaracha:</u> **7 marc**

- Earra a fhéadtar a úsáid ***nó*** a úsáid in áit cinn eile.
- Earra a fhéadtar a úsáid chun an gá céanna as earra eile a shásamh

(ii) <u>Saintréithe d'iomaíocht neamhfhoirfe:</u>

**Tá mórán ceannaitheoirí ann.**
- Ní fhéadann ceannaitheoir aonair ar bith tionchar a imirt ar phraghas margaidh na n-earraí trína c(h)uid gníomhaíochtaí féin.

**Tá líon mór ceannaitheoirí ann.**
- Feidhmíonn gach ceannaitheoir go neamhspleách.
- Féadann gach ceannaitheoir tionchar a imirt ar an méid a dhíoltar tríd an bpraghas a ghearrann sé as a aschur.

**Tá saoire iontrála agus imeachta ón tionsclaíocht.**
- Ní fhéadann gnólachtaí atá sa tionscadal cheana féin aon bhac a chur ar ghnólachtaí nua dul isteach sa tionsclaíocht.
- Féadann gnólachtaí dul isteach sa tionsclaíocht nó í a fhágáil de réir mar is mian leo.

**Beagnach Eolas Foirfe**
Tá beagnach eolas foirfe ag gach gnólacht maidir leis na brabúis a thuilleann na gnólachtaí eile sa tionsclaíocht.

**Déanann gach tionsclaíocht iarracht brabúis a uasmhéadú.**
- Is í aidhm aonair gach gnólachta an chainníocht a sholáthar inarb ionann MC = MR.
- Déanfaidh gach gnólacht iarracht costais a íoslaghdú.

**Soláthar leaisteach tosca táirgeachta**
- Féadann gnólachtaí tosca ganna táirgeachta a fháil ar phraghasanna reatha.

**2 phointe x 7 marc an ceann. Luaigh: 4 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

(c) Chuir Bord Gáis méadú 12% ar phraghsanna leictreachais acu sin i Lúnasa 2011.

(i) Ainmnigh iomaitheoir **amháin** de chuid Bhord Gáis a sholáthraíonn leictreachas in Éirinn.
(ii) Luaigh agus mínigh tionchar eacnamaíoch **amháin** a bhíonn ag an méadú seo ar phraghsanna leictreachais ar **gach ceann** díobh seo a leanas:
- Tomhaltóirí de chuid Bhord Gáis;
- Soláthróiríeileleictreachaissa margadh;
- Geilleagar na hÉireann.

**(24 marc)**

(i) Iomaitheoir amháin de chuid Bhord Gáis:

Electric Ireland / Air Tricity: **8marc**

(ii) Tionchar eacnamaíoch amháin a bhíonn ag an méadú seo ar phraghsanna leictreachais air seo a leanas:


| **Grúpa** | **Ráiteas** | **Míniúchán** |
|---|---|---|
| Tomhaltóirí de chuid Bhord Gáis | • Laghdú ar an gcaighdeán maireachtála mar gheall ar phraghasanna níos airde<br>• Geilleagair in úsáid<br>• Tomhaltóirí ag athrú | • Mar thoradh ar ioncam indiúscartha níos ísle.<br>• D'fhéadfaí barainneacht in úsáid leictreachais a bheith mar thoradh ar phraghasanna níos airde.<br>• D'fhéadfaí go roghnóidh tomhaltóirí iomaitheoir níos saoire/ar chostas íseal. |
| Soláthróiríeileleictreachais | • Buntáiste praghais<br>• Fostaíocht<br>• Méadú ar phraghas a d'fhéadfadh a bheith ann | • D'fhéadfaí go n-athródh custaiméirí de chuid Bhord Gáis chuig iomaitheoirí / d'fhéadfaí go núsáideodh gnólachtaí buntáiste praghais chun a gcion den mhargadh a mhéadú.<br>• Dá dtiocfadh méadú ar chion den mhargadh d'fhéadfaí go gcruthódh siad fostaíocht sa bhreis.<br>• D'fhéadfaí soláthróirí eile a gcuid praghasanna a mhéadú ionas go bhféadfaía mbrabúis a mhéadú. |
| Geilleagar na hÉireann | • Boilsciú<br>• Costais ghnó níos airde<br>• Costais onnmhairí méadaithe.<br>• Fuinnimh in-athnuaite. | • Mar gheall ar chostais níos airde fuinnimh.<br>• Caillteanais phost dá thairbhe / d'fhéadfaí go mbeadh caillteanais phost sa gheilleagar mar gheall ar laghdú ar chaiteachas.<br>• Laghdú ar éileamh dá thairbhe.<br>• Bog ar shiúl ó fhuinnimh a ghintear as ola i dtreo malairtí ionas nach mbímid ag brath chomh mór sin ar ola iompórtáilte. |

**An1ú freagairt cheart: 8 marc. Luaigh: 4 mharc. Mínigh: 4 mharc.**

**An2ú agus 3ú freagairtcheart: 4 mharc. Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 2 mharc.**

## C2 Éileamh, Soláthar, Margaíagus Táillí dola

(a) Sa léaráid thíos taispeántar an t-éileamh ar thicéid do chluichí ag lucht tacaíochta sacair na hÉireann agus an soláthar ticéad do na hionaid (i.e. Poznan agus Gdansk) ina n-imreofar cluichí na hÉireann i gCraobh Sacair na hEorpa, Euro 2012.




(i) Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar. Cuir lipéad ar gach ceann de na línte 1 go 3.

(ii) Taispeáin ar do léaráid:

- an praghas cothromaíochta (úsáid an lipéad $P_1$)
- an chainníocht chothromaíochta (úsáid an lipéad $Q_1$)

(iii) Mínigh an coibhneas idir praghas na dticéad agus an soláthar ticéad, mar a thaispeántar sa léaráid iad. **(21 marc)**

(i)

| Líne | Lipéid | Marc |
|---|---|---|
| 1 | **Athrú** | **3 mharc** |
| 2 | **Cainníocht** | **3 mharc** |
| 3 | **Soláthar** | **3 mharc** |

(ii)


| Mír | Arna lipéadú i gceart | Marc |
|---|---|---|
| Praghas cothromaíochta | $\mathbf{P_1}$ | **3 mharc** |
| Cainníocht chothromaíochta | $\mathbf{C_1}$ | **3 mharc** |

(iii) Gaol idir praghas agus soláthar:

De réir mar a thagann athrú ar phraghas ticéad bíonn soláthar suíochán gan athrú / seasta.

**6 mharc**

(b) Cuir i gcás go n-aistríonn an t-éileamh ar thicéid do na cluichí seo ar dheis, mar a thaispeántar thíos.




(i) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith leis má aistríonn cuar an éilimh ar thicéid ar dheis mar a léirítear thuas.
(ii) Mínigh an tionchar a bheadh ag an aistriú seo i gcuar an éileamh ar an bpraghas cothromaíochta.
(iii) Luaigh earra comhlántach **amháin** leis na ticéid do na cluichí seo **agus** mínigh an tionchar ar an éileamh ar an earra comhlántach seo má leanann an t-éileamh ar thicéid do chluichí air ag méadú.**(30 marc)**

**(i)** Dhá chúis a d'fhéadfadh a bheith ann leis má aistríonn cuar an éilimh ar thicéid ar dheis: **14 mharc**

| **Toisc** | **Conas a théann an toisc seo i bhfeidhm ar chuar an éilimh - Athraíonn cuar an éilimh ar dheis** |
|---|---|
| **Leibhéil ioncaim** | Má thagann méadú ar ioncam, tiocfaidh méadú ar an éileamh ar thicéid. |
| **Dúil/Tosaíocht** | Má thagann méadú ar dhúil tomhaltóirí dul chuig Euro 2010 mar gheall ar ollfheachtasfógraíochta, tiocfaidh méadú ar an éileamh ar thicéid. |
| **Ionchais faoin todhchaí** | Má cheapann tomhaltóirí go dtiocfaidh ardú ar phraghas na dticéad sa ghéarrthéarma, d'fhéadfaidís na ticéid a cheannach anois agus beidh méadú ar an éileamh / má cheapann lucht tacaíochta go n-éireoidh leis an chraobh d'fhéadfaí gur mhaith liom a bheith páirteach ann. |
| **Imeachtaí gan choinne** | Má bhaineann foireann na hÉireann a céad chluiche agus an deis acu dá réir dul níos faide sa chomórtas. |
| **Athrú ar phraghas an earra ionadaíoch** | Dá dtiocfadh laghdú ar phraghas ticéid chuig imeacht eile ar nós na gCluichí Oilimpeacha i Londan, d'fhéadfadh méadú teacht ar an éileamh le haghaidh na dticéad cluiche sin dá thairbhe. |
| **Athrú ar phraghas an earra chomhlántaigh** | Dá dtiocfadh laghdú ar an bpraghas i gcomhair cóiríocht óstáin gar d'ionad na n-imeachtaí / táillí eitleán, d'fhéadfadh méadú teacht ar an éileamh ar na ticéid le haghaidh na gcluichí dá thairbhe. |
| **2 x 4m. an ceann** | **2 x 3 mharc an ceann** |

**(ii)** Mínigh an tionchar a bheadh ag an aistriú seo i gcuar an éilimh ar an bpraghas cothromaíochta. **8marc.**

**Tiocfaidh méadú ar an bpraghas cothromaíochta. 8marc.**

(iii) Luaigh earra comhlántach amháin leis na ticéid do na cluichí seo agus mínigh an tionchar ar an éileamhar an earra comhlántach seo má leanann an t-éileamh ar thicéid do chluichí air ag méadú.

| Earra comhlántach | Tionchar **ar an éileamh le haghaidh earra comhlántach** | Cúis |
|---|---|---|
| Cóiríocht / Táillí eitilte / Geansaithe. | Méadóidh sé sin | Má leanann an méadú ar thicéid beidh méadú ar an éileamh le haghaidh earraí ar bith atá comhlántach dá n-úsáid - mar sin tiocfaidh méadú ar chóiríocht / iompar. |
| **4 mharc** | **2 mharc** | **2 mharc** |

(c) Tá an rialtas ag smaoineamh ar tháillí dola a thabhairt isteach ar a thuilleadh mótarbhealaí in Éirinn.

(i) Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste eacnamaíoch **amháin** agus ar mhíbhuntáiste eacnamaíoch **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ann dá dtabharfaí isteach na táillí dola nua seo.

(ii) Mínigh conas a rachadh an beart nua seo i bhfeidhm ar **gach ceann** díobh seo a leanas:

- Gnólachtaí iompair na hÉireann;
- AntEasnamharBhuiséadReatha an Rialtais. **(24 marc)**

**Táillí dola a thabhairt isteach ar thuilleadh mótarbhealaí in Éirinn**

| Buntáistí eacnamaíocha | Míbhuntáistí eacnamaíocha |
|---|---|
| **Ioncam / Brabúis**<br>Tuillfidh oibritheoir ioncaim mhéadaithe agus d'fhéadfadh méadú a bheith ar bhrabúis. | **Laghdú ar an gcaighdeán maireachtála**<br>Beidh ioncam indiúscartha níos ísle ag úsáideoirí mar gheall ar tháillí níos airde. |
| **Úsáid laghdaithe mótarbhealaí a d'fhéadfadh a bheith ann**<br>D'fhéadfadh astaíochtaí níos ísle eascairt as seo. | **Úsáid bealaí malartacha**<br>D'fhéadfadh úsáideoirí dul ar bhealaí eile nach mbíonn táillí orthu. |
| **Úsáid shonraithe táillí**<br>De réir mar a dhéantar úsáideoirí a shonrú d'fhéadfaí go mbeidh gá níos lú le méaduithe cánach agus / nó méadú ar sheirbhísí stáit agus / nó feabhsú ar an mbonneagar. | **Costais mhéadaithe iompair**<br>D'fhéadfadh gnólachtaí tarlaithe na costais mhéadaithe a ghearradh ar an tomhaltóir agus praghasanna níos airde a bheith ann dá thairbhe. |
| **Postanna cruthaithe**<br>Má bhíonn bothanna ag teastáil cruthófar tuilleadh post. | |
| **1 x 6 mharc**<br>**Luaigh: 3 mharc. Mínigh: 3 mharc** | **1 x 6 mharc**<br>**Luaigh: 3 mharc. Mínigh: 3 mharc** |

**Éifeachtaí ar gach ceann díobh seo a leanas**

| TrucáilnahÉireann / Gnólachtaí Tarlaithe | An tEasnamharBhuiséadReatha an Rialtais |
|---|---|
| **Costais mhéadaithe** caillteanas gnó nó laghdú ar bhrabúis dá bharr. | **Má fhabhraíonn ioncam don Rialtas**<br>Titfidh an t-easnamh reatha buiséid ansin. |
| **Caillteanais Phost**<br>Chun cuidiú leis an méadú ar chostais fhritháireamh d'fhéadfadh gnólachtaí an méid atá fostaithe a laghdú. | **Má fhabhraíonn ioncam don Oibritheoir**<br>D'fhéadfadh méadú teacht ar na brabúis agus méadú ar ioncam CBC dá thairbhe. Titfidh an t-easnamh reatha buiséid ansin. |
| **Úsáid bealaí malartacha**<br>Mar iarracht na táillí nua dola a sheachaint d'fhéadfadh gnólachtaí bealaí malartacha nach bhfuil dola orthu a thabhairt isteach. | **Má thagann méadú ar fhostaíocht**<br>Ansin tiocfaidh méadú ioncam ó cháin ioncaim agus titfidh caiteachas ar leas sóisialta. Titfidh an t-easnamh reatha buiséid ansin. |
| **1 x 6 mharc**<br>**Luaigh: 3 mharc. Mínigh: 3 mharc** | **1 x 6 mharc**<br>**Luaigh: 3 mharc. Mínigh: 3 mharc** |

## C3 Costais, Fiontraíocht, Siopadóireacht áitiúil

(a) Ní mór do ghnólacht smacht a choinneáil ar a chuid costas seasta agus ar a chuid costas athraitheach ionas gur féidir leis brabús normálta a thuilleamh.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Sainmhínigh costas seasta agus costas athraitheach agus luaigh sampla **amháin** de gach ceann díobh.
(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach do ghnólacht brabús a thuilleamh.

**(25 marc)**

(i) Brabús normálta:

- **An íosmhéid de bhrabúis is gá chun maireachtáil.**
- **An brabús is gá don fhiontraí a thuilleadh chun maireachtáil i ngnó.**
- **An brabús a thuilltear nuair is ionann AR = AC.**

**3 mharc**

(ii) Sainmhínigh costas seasta agus costas athraitheach agus luaigh sampla **amháin** de gach ceann díobh.

| Costais Sheasta | **Marcanna** | Costais Athraitheacha | **Marcanna** |
|---|---|---|---|
| costais **nach n-athraíonn de réir mar a athraíonn an t-aschur** *nó* **na costais sin atá le híoc fiú mura ndéantar rud ar bith a tháirgeadh** | **3 mharc 1 mharc** | costais **aathraíonn de réir mar a athraíonn an t-aschur** | **3 mharc 1 mharc** |
| Sampla amháin ceart: | **2 mharc** | Sampla amháin ceart: | **2 mharc** |
| | **6 mharc** | | **6 mharc** |

(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis go bhfuil sé tábhachtach do ghnólacht leanúint de bhrabús a thuilleadh.

1. **Dul i riosca a spreagadh:** is gá brabúis a bheith ann don fhiontraí chun dul i rioscaí.
2. **Leanúnachasantáirgthe**: muna dtuilltear brabús normálta bíonn deireadh le táirgeadh.
3. **Cistí le haghaidh forbartha**: féadann gnólacht úsáid a bhaint as a mbrabúis chun an ghnólacht a fhorbairt*nó* chun táirgiúlacht a éagsúlú.
4. **Luach a chur le Nuálaíocht:** d'fhéadfadh go spreagfadh gnólacht a thuilleann SNPanna iad siúd is éifeachtaí / *nó* iad siúd atá ag íoslaghdú costas.

**2 phointe x 5 mharc an ceann. Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

(b) Déanann an toisc tháirgeachta, 'Fiontraíocht', na tosca táirgeachta eile a chónascadh ina n-aonad táirgeachta le hionchas go ndéanfar brabús.

(i) Ainmnigh na tosca táirgeachta eile dá dtagraítear thuas.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhfuil fiontraithe tábhachtach maidir le forbairt gheilleagar na hÉireann.
(iii) Tabhair breac-chuntas ar bheart **amháin** a d'fheadfadh gach ceann díobh seo a leanas a dhéanamh chun an fhiontraíocht a spreagadh:
- Rialtas na hÉireann;
- Scoileanna / Coláistí. **(30 marc)**

(i) Ainmnigh na tosca táirgeachta eile dá dtagraítear thuas.

**Talamh, Saothar agus Caipiteal**

**4 + 4 + 4 mharc an ceann**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhfuil fiontraíocht tábhachtach maidir le forbairt gheilleagar na hÉireann.

**1. Táirgiúlacht a chruthú.**
Eagraíonn fiontraithe na tosca táirgeachta eile ina n-aonaid táirgeachta.

**2. Fostaíocht a chruthú.**
Má tá rath ar an bhfiontraí cabhróidh sé sin le fostaíocht a chruthú san earnáil saothair.

**3. Na tráchtearraí a dhéanfar a tháirgeadh.**
Cinneann fiontraithe cé na hearraí agus na seirbhísí atáthar le táirgeadh agus cé mhéad díobh sin a tháirgfear, tríéileamh an tomhaltóra a réamh-mheas.

**4. Spreagann sí infheistíocht bhreise**
Cuireann fiontraithe a gcuid airgid mar aon lena gcuid scileanna i ngnó le súil go ndéanfaidís brabús agus d'fhéadfadh sé go spreagfaí infheistíocht bhreise sa gheilleagar dá mbeadh rath air.

**5. Áit do chistí coigilteoirí**
Soláthraíonn fiontraithe margadh infheistíochta do chistícoigilteoirí, a ghineanntoradharchoigilteas.

**6. Ioncam don rialtas**
Cuidíonn fiontraithe, nuair a bhíonn siad rathúil, le hioncam a ghiniúint don rialtas trí ioncaim chánachais.

**7. Comardú na nÍocaíochtaí a fheabhsú.**
Má dhéantar na hearraí a tháirgeann na fiontraithe a onnmhairiú cuideoidh sin le staid chomhardú ár n-íocaíochtaí a fheabhsú.

**8. Nuálaíocht**
D'fhéadfadh fiontraithe rathúla cuid dá mbrabús a infheistiú in earraí nua a fhorbairt, a rachadh chun sochair don tsochaí agus tiocfaidh feabhas ar ár gcaighdeán maireachtála/ar cháilíocht na beatha.

**9. Cruthaíonn saibhreas**
Cruthaíonn fiontraithe rathúla saibhreas agus eascraíonn fás geilleagrach as sin/méadú san OTN.

**2 chúis x 5 mharc an ceann.**
**Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar bheart **amháin** a d’fheadfadh gach ceann díobh seo a leanas a dhéanamh chun an fhiontraíocht a spreagadh:

- Rialtas na hÉireann;
- Scoileanna / Coláistí.

**Rialtas na hÉireann**

**1. Oideachas fiontraíochta**
Dá spreagfadh an rialtas béim níos mó ar oideachas fiontraíochta sna scoileanna agus sna coláistí, d’fhéadfadh sé go mbeadh níos mó daoine toilteanach dul sa seans le fiontraíocht.

**2. Beartais chánachais**
Dá choinníonn an rialtas cáin brabúis chorparáide tharlódh go bhfeicfeadh daoine go bhféadfaí brabús níos mó a dhéanamh. Ar an dóigh chéanna, dá laghdófaí rátaí CBL d’fhéadfadh sé go méadófaí an t-éileamh atá ar earraí agus deiseanna níos fearr infheistíochta a chruthú.

**3. Beartais/rialachán an rialtais**
Dá laghdódh an rialtas na rialacháin a bhaineann le gnó a chur ar bun nó dá mbainfeadh sé constaicí riaracháin d’fhéadfadh sé go mbeadh suim ag níos mó daoine a bheith ina bhfiontraithe. Anuas air sin, dá dtairgfeadh sé deontais agus dreasachtaí eile chun gnó a bhunú tharlódh go ndéanfadh níos mó daoine é sin/go gcruthófaí timpeallacht fhabhrach gnó.

**4. Beartais an mhargaidh saothair**
Is spreagadh é lucht saothair foghlamtha/oilte a bhfuil fáil air do dhaoine aonair chun gnó a bhunú.

**5. Dearcadh eacnamaíoch níos fearr/muinín as an ngeilleagar.**
Dá gcuirfeadh an rialtas le dearcadh dearfach ar an ngeilleagar lena bheartais eacnamaíocha agus shóisialta tharlódh go rachadh níos mó daoine sa seans leis.

**6. Fobairt bhonneagar an stáit.**
Dá n-infheisteofaí i dteicneolaíocht chumarsáide trí leathanbhanda a sholáthar spreagfaí daoine le gnó a thosú.

**7. Iomaíochas a fheabhsú.**
Tá iomaíochas thionscal na hÉireann ag dul i bhfeabhas faoi láthair. Dá bhféadfaí bearta a dhéanamh chun an t-iomaíochas a fheabhsú tuilleadh d’fhéadfadh sé go dtabharfaí spreagadh do dhaoine gnó a thosú e.g. cuótaí níos iomaíche le haghaidh cumarsáide, árachais, fuinnimh, etc.

**8. Fáil ar chreidmheas bainc.**
Dá gcobhsófaí an rialtos na bainc d’fhéadfadh sé go gcuirfí ar a gcumas creidmheas a sholáthar agus daoine a spreagadh ar an dóigh sin chun iasacht a fháil agus gnó a bhunú.

**9. Tionscnaimh rialtais**
I measc na samplaí tá: ‘Plean Gníomhaíochta do Phoist 2012’ a chuireann tacaíocht ar fáil do ghnóthaí atá ag streachailt le teacht ar chreidmheas. San áireamh tá Scéim Iasachta Micreamhaoiniúcháin ar iú €100m í, Scéim Forbraíochta Caipitil ar fiú €150m í agus Scéim Ráthaíochta Iasachta.

**1 phointe x 4 mharc (2+2).**

**Scoileanna / Coláistí**

**1. Cúrsaí / comórtais a thairiscint**
D'fhéadfaí cúrsaí oiriúnacha a thairiscint d'fhiontraithe féideartha ar phraghsanna iomaíocha m.sh.conas gnó a chur ar bun, bainistíocht etc.

**2. Cúnamh T agus F a sholáthar**
Áiseanna taighde ar mhargaigh / ar tháirgí a chur ar fáil; fréamhshamhlacha a fhorbairt etc. dóibh siúd atá toilteanach gnó a bhunú.

**3. Spás oibriúcháin**
Spás a sholáthar le haghaidh aonaid chothaithe.

**4. Gnó áitiúil a chomhordú**
Laethanta oscailte / cruinnithe a reáchtáil ionas go bhféadfaí smaointe / comhairle a roinnt.

**1 phointe x 4 mharc (2+2).**

(c) Tá gnólachtaí ar fud na hÉireann ag spreagadh custaiméirí chun a gcuid siopadóireachta a dhéanamh go háitiúil.

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** mhodh a d'fhéadfadh Údarás Áitiúil a úsáid chun a thuilleadh custaiméirí a spreagadh lena gcuid siopadóireachta a dhéanamh go háitiúil.

(ii) Pléigh **dhá** bhuntáiste a bheadh ann don gheilleagar áitiúil dá ndéanfadh a thuilleadh custaiméirí a gcuid siopadóireachta go háitiúil. **(20 marc)**

**(i) Dhá** mhodh a d'fhéadfadh Údarás Áitiúil a úsáid chun a thuilleadh custaiméirí a spreagadh lena gcuid siopadóireachta a dhéanamh go háitiúil.

**1. Saoráidí / táillí páirceála**
Na spásanna atá ar fáil a mhéadú agus / nó táillí páirceála a laghdú chun a thuilleadh custaiméirí a spreagadh lena gcuid siopadóireachta a dhéanamh go háitiúil.

**2. Rátaí na n-údarás áitiúil a laghdú**
Laghdóidh sé seo costais le haghaidh gnó ionas go mbeidh sé níos éasca leanúint ar aghaidh / d'fhéadfaí praghsanna a laghdú do na tomhaltóirí.

**3. Timpeallacht fhisiceach a fheabhsú**
Beidh daoine níos sásta a gcuid siopadóireachta a dhéanamh go háitiúil mar gheall air seo.

**4. Feachtais maidir leis an tsiopadóireacht áitiúil a chomhordú**
Seirbhísí a sholáthar do ghnólachtaí áitiúla a d'fhéadfadh cabhrú leo lucht siopadóireachta a mhealladh m.sh. spás fógraíochta etc.

**2 mhodh x 3 mharc an ceann.**
**Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 1 mharc.**

**(ii)** Pléigh **dhá** bhuntáiste a bheadh ann don gheilleagar áitiúil dá ndéanfadh a thuilleadh custaiméirí a gcuid siopadóireachta go háitiúil.

**1. Poist**
D'fhéadfaí iad a chosaint / a chruthú sa gheilleagar áitiúil.

**2. Gníomhaíocht eacnamaíoch mhéadaithe**
Fásfaidh leibhéal na gníomhaíochta eacnamaíche le méadú ar an gcaiteachas agus d'fhéadfadh sin tuilleadh gníomhaíochta eacnamaíche a spreagadh.

**3. Ioncam d'údarás áitiúil**
Dá mbeadh níos mó daoine ag déanamh a gcuid siopadóireachta go háitiúil, d'fhéadfadh ioncam méadaithe a eascairt as seo de bharr ioncam méadaithe ón bpáirceáil.

**4. Ionchais níos fearr don ghnó áitiúil**
D'fhéadfaí gnó áitiúil a chruthú de dheasca deiseanna méadaithe gnó.

**5. Dóchas feabhsaithe / muinín fheabhsaithe**
D'fhéadfadh méadú ar an lucht siopadóireachta cur lenamuinínagusd'fhéadfadhméadúar an gcaitheachas sa gheilleagar áitiúil a bheith mar thoradh air seo – rud a chuirfeadh le muinín ghnó.

**6. Leanúint de sheirbhísí ríthábhachtacha**
Fad is atá méid na gníomhaíochta gnó ag méadú d'fhéadfadh sé seo áirithiú go leanfaí de na seirbhísí faoi bhagairt m.sh. oifigí áitiúla an phoist, bainc etc.

**7. Spiorad pobail**
D'fhéadfadh sé seo feabhsú de réir mar a fheabhsódh gné shóisialta na siopadóireachta agus daoine ag bualadh le chéile ann agus rachadh an pobal i neart dá bharr.

**2 bhuntáiste x 7marc an ceann**
**Luaigh: 4 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

## C4 Airgead, Babhtáil, rátaíÚis agus Boilsciú

(a) Úsáidtear 'babhtáil' agus 'airgead' mar mheáin mhalairte. Bíonn líon áirithe tréithe ag roinnt le hairgead, ar a n-áirítear na tréithe seo a leanas: sách gann; iniompartha agus marthanach.

(i) Mínigh **aon dá cheann** de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar an deacracht a bhaineann le 'babhtáil' a úsáid mar mheán malairte.
(iii) Mínigh **dhá** fheidhm eile de chuid an airgid seachas 'meán malairte'. **(25 marc)**

(i) Mínigh **aon dá cheann** de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

**Sách gann**

- Ba chóir go mbeadh srian leis an soláthar (i ndáil leis éileamh).

**Iniompartha**

- Ba chóir go mbeadh sé éasca é a iompar thart.

**Marthanach**

- Ba chóir nach gcuirfeadh a lán láimhsithe isteach air.

**2 mhíniúchán AR BITH x 5 mharc an cheann.**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar an deacracht a bhaineann le 'babhtáil' a úsáid mar mheán malairte.

**Luach a Fháil Amach**

- Is deacair amanna luachanna beachta a chur ar earraí.

**Am-íditheach.**

- Tógann sé am fáil amach cé aige a bhfuil na nithe atá uait agus cé atá ag iarraidh na nithe atá agat.

**1 mhíniúchán x 5 mharc an cheann. Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

(iii) Mínigh **dhá** fheidhm eile de chuid an airgid seachas 'meán malairte'.

**Tomhas Luacha**

- Cuireann airgead praghas ar earraí agus seirbhísí.

**Stór Saibhris**

- Ligeann sé do dhaoine airgead a choigilt don todhchaí.

**An caighdeán i gcomhair Íocaíocht Iarchurtha**

- Tá sé de chumas ag airgead luach a thomhas le haghaidh dáta amach anseo.
- Is féidir trádáil creidmheasa (i.e. ceannach agus díol) a dhéanamh de thairbhe airgid.

**2 fheidhm x 5 mharc an ceann.**
**Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

(b) Laghdaigh BCE (ECB i mBéarla) rátaí úis sa bhliain 2011 d'fhonn méadú ar an bhfásgeilleagrach.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Cad dó a seasann na ceannlitreacha BCE?
(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** bhealach a bhféadfadh tionchar eacnamaíoch a bheith ag an méadú ar an bhfás geilleagrach ar Gheilleagar na hÉireann. **(25 marc)**

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

**Fás geilleagrach**: an méadú in OTN [ an duine ]. **6 mharc**

(ii) Cad dó a seasann na ceannlitreacha BCE?

**an Banc Ceannais Eorpach** **7 marc**

(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** bhealach a bhféadfadh tionchar eacnamaíoch a bheith ag an méadú ar an bhfás geilleagrach ar Gheilleagar na hÉireann.

**Méadú ar an bhfostaíocht**
Beidh níos mó éilimh ar earraí agus ar sheirbhísí de bharr méadú ar an OTN; éileofar níos mó líon saothair leis seo a bhaint amach.

**Onnmhairí méadaithe**
Má bhíonn an OTN sa bhreis mar thoradh ar aschur méadaithe agus má onnmhairítear cuid den aschur seo, tagann feabhas arár staid maidir le Comhardún an nÍocaíochtaí.

**Allmhairí méadaithe**
Agus ioncaim indiúscartha ag ardú, d'fhéadfaí cuid den ioncam breise seo a úsáid chun allmhairí a cheannach.

**Caighdeán maireachtála níos fearr**
Is éard atá mar thoradh ar OTN níos airde ná méadú ar an saibhreas sa gheilleagar agus tugann sé seo deis dúinn níos mó earraí agus seirbhísí a cheannach / laghdú ar an mbochtaineacht.

**Boilsciú**
Ós rud é go mbeidh leibhéil ioncaim ag méadú, beidh níos mó éilimh ar earraí agus ar sheirbhísí agus d'fhéadfadh ardú ar phraghsanna a bheith mar thoradh ar an méid seo.

**Iarmhairtí don imirce**
Má bhíonn deiseanna poist ann, d'fhéadfadh daoine a bheartaigh dul ar imirce fanacht anseo agus d'fhéadfaí níos mó inimirceach a tharraingt chun an gheilleagair, rud a chuirfeadh leis an éileamh ar earraí nua agus ar sheirbhísí nua.

**Deiseanna infheistíochta**
Cuireann OTN atá ag ardú geilleagar atá i mbun borradh in iúl agus d'fhéadfadh sé seo infheistíocht bhreise a mhealladh.

**Cúrsaí airgeadais an Rialtais**
Agus ardú ag teacht ar an leibhéal fostaíochta, ar ioncaim agus ar chaiteachas, d'fhéadfadh an rialtas ioncaim chánach mhéadaithe a bhailiú agus d'fhéadfadh an caiteachas ar leasa sóisialach laghdú – rud a chuideodh le staid airgeadais an rialtais a fheabhsú.

**2 phointe x 6 mharc an ceann. Luaigh: 3 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

(c) Bealach amháin le boilsciú a thomhas is ea an PIT (CPIi mBéarla).
(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Cad dó a seasann na ceannlitreacha PIT
(iii) Mínigh conas a d'fhéadfadh **titim i ráta boilscithe na bpraghsanna** dul i bhfeidhm ar **gach** ceann díobh seo a leanas:

- Fostaithe;
- Daoine a fhaigheann liúntas leasa shóisialaigh;
- Gnó. **(25 marc)**

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

Méadú ar phraghsanna earraí /seirbhísí thar thréimhse ama **4 mharc**
Laghdú ar luach an airgid / ceannaíonn daoine níos lú lena gcuid airgid

(ii) Cad dó a seasann na ceannlitreacha PIT?

**Praghsanna Innéacs Tomhaltais** **6 mharc**

(iii) Mínigh conas a d'fhéadfadh titim i ráta boilscithe na bpraghsanna dul i bhfeidhm ar gach ceann díobh seo a leanas:Fostaithe / Daoine a fhaigheann liúntas leasa shóisialaigh / Gnó.

| Grúpa | Ráiteas | Míniúchán |
|---|---|---|
| Fostaithe | **Ioncam indiúscartha méadaithe / caighdeán maireachtála níos airde**<br>**Laghdú ar éilimh phá**<br><br>**Caiteachas a dhíspreagadh** | • D'fhéadfadh díbhoilsciú caiteachas a dhíspreagadh, rud a laghdaíonn éileamh agus d'fhéadfadh caillteanais phoist a bheith mar thoradh air sin.<br>• Agus ioncam indiúscartha níos airde acu d'fhéadfadh ardú teacht ar chaighdeán maireachtála na bhfostaithe.<br>• D'fhéadfadh fostaithe a gcuid éilimh ar arduithe pá a mhaolú / réim na gníomhaíochta tionsclaíche a laghdú.<br>• D'fhéadfadh fostaithe a gcuid caiteachais a mhéadú agus d'fhéadfadh éileamh méadaithe agus fostaíocht mhéadaithe a bheith mar thoradh air sin. |
| Daoine a fhaigheann liúntas leasa shóisialaigh | **Costas maireachtála níos ísle**<br>**Caighdeán maireachtála níos fearr** | • Thiocfadh laghdú ar an gcostas maireachtála de bharr praghsanna níos ísle.<br>• Mhéadódh cumhacht ceannaigh agus mar sin d'ardódh an caighdeán maireachtála.<br>• D'fhéadfadh an rialtas rátaí leasa shóisialaigh a ísliú mar iarracht ar airgead a shábháil. |
| Gnólacht | **Costais táirgeachta níos ísle**<br>**Leanúnachas an táirgthe**<br><br>**Déan a Fhorbairt / a Nuáil**<br><br>**Méadú ar an bhfostaíocht/ pá** | • D'fhéadfadh gnólacht a chuid brabús a mhéadú.<br>• D'fhéadfadh gnólacht leanúint ar aghaidh ag táirgeadh agus ag soláthar ionas nach ndúnfadh sé.<br>• Le praghsanna níos ísle d'fhéadfadh an gnólacht a tháirgeachta a fhorbairt nó/agus aghaidh nuálaíoch a thabhairt ar tháirgí nua / mhodhanna nua táirgthe.<br>• D'fhéadfadh an gnólacht níos mó oibrithe a fhostú / leibhéal pá na n-oibrithe reatha a ardú. |

**An1ú freagairt cheart: 7 marc (4+3) An 2ú & 3ú freagairtcheart: 2 x 4 mharc (2+2) an ceann.**

## C5 Ioncam Náisiúnta agus an geilleagar dubh

(a) Samplaí d'íocaíochtaí aistritheacha is ea íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus deontais do mhic léinn.
   (i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
   (ii) Mínigh cén fáth nach n-áirítear íocaíochtaí aistritheacha san Ioncam Náisiúnta.
   (iii) Luaigh agus mínigh **dhá** bhealach a bhféadfaí úsáid a bhaint as Staitisticí an Ioncaim Náisiúnta. **(25 marc)**

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi. **6 mharc.**

Ioncamarnafháil le toisctháirgithenuairnársoláthraíodhaontoisc.

(ii) Mínigh cén fáth nach n-áirítear íocaíochtaí aistritheacha san Ioncam Náisiúnta.

- Chiallódh sé go mbeadh comhaireamh dúbailte i gceist leis an bhfigiúr seo.
- Cuireadh an méid seo san áireamh cheana i ríomh an ioncaim náisiúnta nuair a comhaireadh an t-ioncamarnafháil leis an mbuntoisc.
- Dá gcuirfí san áireamh iad bheadh meastachán ró-ard déanta ar an ioncam náisiúnta.

**5 mharc.**

(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** bhealach a d'fhéadfaí úsáid a bhaint as Staitisticí an Ioncaim Náisiúnta.

**Athruithe i leibhéal fáis an gheilleagair**
Tabharfaidh staitisticí an ioncaim náisiúnta eolas dúinn maidir le ráta fáis an gheilleagair sa tír ó bhliain amháin go bliain eile.

**Athruithe sa chaighdeán maireachtála**
Má tá ioncam náisiúnta ag ardú is féidir linn glacadh leis as sin go bhfuil an caighdeán maireachtála sa tír ag ardú.

**Athruithe ar leibhéil fostaíochta**
Bíonn méadú ar éileamh mar thoradh ar mhéadú san OTN agus ba chóir go mbeadh níos mó post mar thoradh air seo.

**Comparáidí idirnáisiúnta**
Le staitisticí ioncaim náisiúnta na hÉireann, is féidir comparáidí a dhéanamh le tíortha eile maidir le ráta fáis an gheilleagair.

**Dáileadh ioncaim**
Tabharfaidh iniúchadh ar na staitisticí léargas ginearálta dúinn maidir le dáileadh na n-ioncam in earnálacha éagsúla sa tír m.sh. earnáil talmhaíochta etc.

**Ranníocaíocht an rialtais**
Léirítear dúinn leis na staitisticí an méid iomlán a chuireann an rialtas leis an ioncam náisiúnta sa tír.

**2 phointe x 7 marc an ceann. Luaigh: 4 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

(b) Seo a leanas an fhoirmle don iolraitheoir in geilleagaroscailte: $\frac{1}{MPS + MPM}$

Cuir i gcás gurb é 0.2 an MPM agus 0.3 an MPS. **(20 marc)**

(i) Mínigh gach ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

Insíonn **an t-iolraitheoir** dúinn cén méadú a thiocfadh ar an Ioncam Náisiúnta tar éis méid áirithe airgid a insteálladh sa gheilleagar.

**6 mharc.**

Is **geilleagar oscailte** é geilleagar a théann i ngleic leis an trádáil/allmhairí agus onnmhairí.

**6 mharc**

(ii) Ríomh méid an Iolraitheora, agus tú ag úsáid na foirmle thuas.
(Taispeáin do chuid oibre go léir.)

$$\frac{1}{0.3 + 0.2}$$

$$= \mathbf{2}$$

**8 marc**

(c) Is ábhar imní do Rialtas na hÉireann an méid atá sa 'margadh dubh'.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Luaigh **dhá** shampla de ghníomhaíochtaí a mheastar a bheith mar chuid den mhargadh dubh.
(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** bheart a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh chun gníomhaíochtaí sa mhargadh dubh a stopadh. **(30 marc)**

(i) Geilleagar dubh: **6 mharc**

Gníomhaíocht gheilleagrach a tharlaíonn nach ndéantar a thaifeadadh agus mar sin nach gcuirtear san áireamh sna cuntais ioncaim náisiúnta.

(ii) Dhá shampla de ghníomhaíochtaí an gheilleagair dhuibh: **2 x 6 mharc**

- Múinteoir ag tabhairt diancheachtanna, gan an t-ioncam a fhógairt chun críche cánach.
- Pluiméir ag oibriú ar íocaíocht airgid thirim, gan an t-ioncam a fhógairt chun críche cánach.

(iii) Mol **dhá** bheart a d'fhéadfadh an Rialtas a thabhairt faoi chun gníomhaíochtaí den sórt sin a dhíspreagadh

1. **Cánachas díreach a laghdú**

D'fhéadfadh sé seo spreagadh a thabhairt do dhaoine a n-ioncam a fhógairt chun críche cánach.

2. **Cánachas neamhdhíreach a laghdú**

D'fhéadfadh titim i bpraghsanna a bheith mar thoradh air seo agus spreagfadh sé seo daoine chun earraí a cheannach go dlisteanach.

3. **Forfheidhmiú níos fearr ó thaobh na gcoimisinéirí ioncaim / na lúba atá ar lár sa chóras cánach a réiteach.**

Dá réiteodh na coimsinéirí ioncaim na lúba go léir agus dá ndéanfaidís seiceáil ar gach fáltas ó chánacha d'fhéadfadh sé seo imghabháil cánach a dhíspreagadh

4. **An pobal a chur ar an eolas maidir leis na húsáidí tábhachtacha a bhaintear as ioncam cánach.**

D'fhéadfadh riachtanais / úsáidí ioncaim chánach brú morálta a chur ar dhaoine a gcuid féin a dhéanamh chun cur leis an ngeilleagar.

5. **Pionóis le haghaidh ciontóirí a mhéadú.**

D'fhéadfadh sé seo daoine a dhíspreagadh chun gníomhaíochtaí den sórt sin a dhéanamh.

**2 x 6 mharc. Luaigh: 3 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

## C6 Dífhostaíocht, Bonneagar agus éifeachtúlacht Fuinnimh

(a) Tá sé ar phríomhchuspóirí eacnamaíocha rialtos na hÉireann lion na ndaoine atá ar an mBeochlár a laghdú.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste eacnamaíocha a bheadh ann don gheilleagar dá dtiocfadh laghdúar an líondaoineatáar an mBeochlár.
(iii) Luaigh agus mínigh **trí** chuspóir eacnamaíocha eile atá ag Rialtas na hÉireann. **(30 marc)**

(i) **An Beochlár:** **5 mharc**

Na daoine sin a shíníonn ag dearbhú go bhfuil siad dífhostaithe agus ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste eacnamaíocha a bheadh ann don gheilleagar dá dtiocfadh laghdú ar an líondaoineatáar an mBeochlár.

1. **Caighdeán maireachtála níos fearr:**
Dóibh siúd a fhaigheann post mar gheall ar ioncam indiúscartha níos airde.

2. **Cúrsaí airgeadais an Rialtais:**
Caitheamh laghdaithe ar leas sóisialach.

3. **Laghdú ar eisimirce:**
Le deiseanna fostaíochta níos fearr ní bheadh ar an líon céanna daoine dul ar eisimirce.

4. **D'fheabhsódh an timpeallacht don infheistíocht:**
De réir mar a mhéadódh an fhostaíocht d'ardódh caiteachas agus d'fhéadfadh fás sa mhuinín ghnó a bheith mar thoradh air seo.

5. **Fás geilleagrach:**
Agus gníomhaíocht gheilleagrach ag méadú d'fhéadfadh sé seo fás geilleagrach agus fostaíocht a spreagadh.

**2 phointe x 5 mharc an ceann.**
**Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

(iii) Luaigh agus mínigh **trí** chuspóir eacnamaíocha eile atá ag Rialtas na hÉireann.

**1. Boilsciú praghsanna.**
Caithfidh an rialtas iarracht a dhéanamh an brú atá ar phraghsanna atá ag ardú sa gheilleagar a laghdú. D'fhéadfadh sé triail a bhaint as srian a chur le méadaithe pá, iomaíocht sa mhargadh a spreagadh agus iomaíocht maidir le praghsanna ar sheirbhísí a spreagadh.

**2. Fás geilleagrach.**
Caithfidh an rialtas iarracht a dhéanamh gníomhaíocht gheilleagrach a bhainistiú agus áirithiú go mbeidh fás geilleagrach ann. Tá sé mar aidhm ag an rialtas é seo a bhaint amach lena bheartais chánachais.

**3. Onnmhairí a spreagadh.**
Caithfidh an rialtas iarracht a dhéanamh iomaíochas a fheabhsú do thionscail onnmhairithe na hÉireann.

**4. Cúrsaí airgeadais an rialtais a rialú.**
Caithfidh an rialtas caiteachas a laghdú, an costas maidir le seirbhísí poiblí a ghearradh siar agus ioncaim chánach a mhéadú.

**5. Cothromas cánachais a bhaint amach / an bonn cánach a leathnú.**
Thug an rialtas cánacha nua isteach m.sh. muirear teaghlaigh agus pleananna indáil le cáin ar umar seipteach, cáin réadmhaoine etc. chun a ioncam cánach a mhéadú.

**6. Forbairt réigiúnach.**
Tá sé mar aidhm ag an bPlean Forbartha Náisiúnta é sin a dhéanamh. Leathanbhanda a fhorbairt, deiseanna oideachais a chur chun cinn i réigiúin; naisc iompair níos fearr etc.

**7. Seirbhísí stáit a fheabhsú.**
Tá níos mó béime á cur ar an bhfeabhas ar sheirbhísí sláinte, níos mó spásanna sna bunscoileanna, ar fhoirgnimh scoile agus forbairt oideachais tríú leibhéal.

**8. Dáileadh cothrom ioncaim.**
Billí pinsean na todhchaí a bhainistiú, íocaíochtaí leasa shóisialaigh a chothú agus cabhair a thabhairt do dhaoine a bhfuil cúrsaí airgeadais ag dul chun donais dóibh.

**9. Feabhas a chur ar an mbonneagar.**
Le hinfheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar m.sh. scoileanna, iompar poiblí etc bheadh sé mar aidhm ag an rialtas éileamh, fostaíocht agus fás geilleagrach a fheabhsú.

**10. An fiachas náisiúnta a laghdú.**
Tá an fiachas náisiúnta ag fás agus caithfidh an rialtas bearta a chur i bhfeidhm chun iarracht a dhéanamh é a laghdú. D'fhéadfadh díol sócmhainní stáit cuidiú an fiachas náisiúnta a laghdú.

**11. Cobhsaíocht na mbanc.**
Trí na príomhbhainc a náisiúnú ba mhaith leis an rialtas cobhsaíocht a churarais san earnáil, muinín a ghiniúint, iasachtúbainc a spreagadhagusborradh a chur faoi fhás geilleagrach.

**12. Muinín tomhaltóirí a aischur.**
Tríd an ngeilleagar a chobhsú, tá an rialtas ag iarraidh tomhaltóirí a spreagadh chun airgead a chaitheamh chun cur le héileamh, agus, dá bhrí sin, le fostaíocht.

**3 ag 5 mharc an ceann. Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

(b) Laghdaigh rialtas na hÉireann an caiteachas caipitiúil ar bhonneagar de thart ar €750m ina bhuiséad don bhliain 2012.
  (i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
  (ii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhealach a bhféadfadh tionchar eacnamaíoch a bheith ag an laghdú seo ar an gcaiteachas caipitiúil ar gheilleagar na hÉireann. (20 marc)

(i) Bonneagar: **5 mharc**

- na hearraí/seirbhísí sin atá riachtanach le haghaidh reáchtáil gan stró geilleagair.
- na hearraí/seirbhísí sin a theastaíonn ón tionscal le feidhmiú i gceart.
- Trealamh caipitil a úsáidtear le seirbhísí ar a bhfuil fáil phoiblí a sholáthar.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhealach a bhféadfadh tionchar eacnamaíoch a bheith ag an laghdú seo ar an gcaiteachas caipitiúil ar gheilleagar na hÉireann.

1. **Laghdú ar Iasachtaíocht an rialtais**
   Cabhróidh sé seo le bainistiú ár bhfiachas náisiúnta trí aisíocaíochtaí ar an ús a laghdú.

2. **Cur siar fhorbairt an bhonneagair**
   Cuireadh roinnt tionscadal siar mar gheall ar an laghdú m.sh. Metro Thuaidh.

3. **Fostaíocht spealta**
   Ní bheidh na daoine a chaill a bpoist san earnáil tógála in ann poist a fháil.

4. **Meathlúchán ar bhonneagar atá ann cheana féin**
   Le laghdú sa chaitheachas d'fhéadfadh an bonneagar atá ann a mheathlú, as a dtagfadh seirbhísí ar chaighdeán níos ísle m.sh. bóithre; gréasán iarnróid etc.

**3 ag 5 mharc an ceann.**
**Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

(c) In iarracht le daoine a spreagadh chun feabhas a chur ar fheidhmíocht a gcuid tithe ó thaobh fuinnimh de, chuir Rialtas na hÉireann deontas ar fáil le haghaidh feabhsúchán fuinnimh. Bhí deischostas ag baint leis na deontais sin, áfach.
  (i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
  (ii) Déan plé ar bhealach **amháin** a mbíonn tionchar eacnamaíoch ag na deontais sin ar gach ceann díobh seo a leanas:
  - Teaghlaigh aonair;
  - Gnólachtaí;
  - Geilleagar na hÉireann. (25 marc)

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

Deischostas: **7 marc**

- Costas na roghanna eile a tharscaoiltear.
- Costas an chéad rogha eile is fearr a scaoileadh tharat agus rogha á déanamh agat.

(ii) Déan plé ar bhealach **amháin** a mbíonn tionchar eacnamaíoch ag na deontais sin ar gach ceann díobh seo a leanas:
Teaghlaigh aonair / Gnólachtaí / Geilleagar na hÉireann. **18 marc**

| Grúpa | Ráiteas | Míniúchán |
|---|---|---|
| Teaghlaigh aonair | • Caiteachas laghdaithe ar fhuinneamh<br><br>• Caighdeán maireachtála níos fearr<br>• Ráta RFF níos airde<br>• Níos saoire feabhas a chur ar an teach | • Laghdóidh insliú níos fearr ídiú fuinnimh / beidh ioncam indiúscartha níos airde mar thoradh air seo.<br>• Cuirfidh tithe níos teo feabhas ar chaighdeán a saolta.<br>• D'fhéadfadh luach na maoine ardú.<br>• Ós rud é go bhfuil sé ar phraghas níos réasúnta d'fhéadfadh níos mó daoine an deis seo a thapú. |
| Gnólachtaí | • Níos mó éilimh ar tháirgí<br><br>• Deiseanna Fostaíochta<br><br>• Deiseanna i gcomhair na nuálaíochta | • Díolacháin / brabúis mhéadaithe – ionchais níos fearr amach anseo.<br>• Dá dtiocfadh méadú ar dhíolacháin bheadh níos mó oibrithe ag teastáil.<br>• D'fhéadfadh gnólachtaí modhanna nua / níos fearr a chruthú chunfeidhmiú fuinnimh tithe a fheabhsú. |
| Geilleagar na hÉireann | • Fás geilleagrach méadaithe<br><br>• Airgeadais rialtais<br><br><br><br><br><br><br>• Éifeachtúlachtfuinnimh fheabhsaithe | • Cuireann méadú san éileamh / ioncam náisiúnta méadú ar an gcaiteachas.<br>• Íocfaidh an rialtas níos mó amach.<br>• Deischostas: Níos lú airgid ag an rialtas le caitheamh ar thionscadail eile.<br>• Beidh ioncaim CBL mhéadaithe mar thoradh ar chaiteachas méadaithe.<br>• Cuirfidh méadú san fhostaíocht méadú ar ioncam ó ioncam cánach agus laghdóidh sé caiteachas ar leas sóisialach.<br>• Beidh astuithe carbóin laghdaithe agus níos lú damáiste don chomhshaol mar thoradh air seo. |
| **3 x 6 mharc** | **Luaigh: 3 x 3 mharc anceann.** | **Mínigh: 3 x 3 mharc an ceann.** |

## C7 Trádáil agus Corparáidí Ilnáisiúnta (CINí)

(a) Sa tábla thíos léirítear Dlí an Bhuntáiste Chomparáidigh.

| Tír | Aschur<br>Táirgeadh in aghaidh an oibrí in aghaidh na seachtaine | |
|---|---|---|
| | **Fíon** | **Gluaisteáin** |
| **An Ghearmáin** | 1600 lítear | 1200 aonad |
| **An Fhrainc** | 800 lítear | 400 aonad |
| **Aschur Iomlán** | 2400 lítear | 1600 aonad |

Cé go bhfuil an Ghearmáin níos éifeachtaí i dtáirgeadh an dá earra, deir Dlí an Bhuntáiste Chomparáidigh go ndéanfaidh gach tír speisialú i dtáirgeadh earra amháin díobh.

(i) Cé acu earra díobh a tháirgfidh an Ghearmáin? Mínigh do fhreagra go hachomair.
(ii) Cé acu earra díobh a tháirgfidh an Fhrainc? Mínigh do fhreagra go hachomair.
(iii) Má déanann an dá thír speisialú san earra atá roghnaithe agat, ríomh an t-aschur iomlán a bheidh ann dá thoradh sin. (Taispeáin do chuid oibre.) (20 marc)

**<u>an Ghearmáin</u>**

- Ba chóir go ndéanfaí **Gluaisteáin** a tháirgeadh ann. **4 mharc**
- Tá an Ghearmáin <u>trí huaire níos éifeachtúla</u> ná an Fhrainc ó thaobh táirgeadh carranna. **3 mharc**

**<u>an Fhrainc</u>**

- Ba chóir go ndéanfaí **Fíon** a tháirgeadh ann. **4 mharc**
- I dtáirgiúlacht na bhfíonta atá an tír is neamhéifeachtúla ná mar atá sí i dtáirgiúlacht gluaisteán. **1 mharc**

<u>Déan an t-aschur iomlán a bheadh mar thoradh air seo a ríomh dá mba rud é go mbeadh speisialtóireacht ann. Taispeáin do chuid oibre.</u>

| Tír | Aschur | | Marcanna |
|---|---|---|---|
| | **Fíon** | **Gluaisteáin** | |
| **an Ghearmáin** | **-/0** | **1200* x 2* = 2400*** | ***3 fhigiúr x 1 mharc an ceann*** |
| **an Fhrainc** | **800* x 2* = 1600*** | **-/0** | ***3 fhigiúr x 1 mharc an ceann*** |
| **Aschur Iomlán** | **1600*** | **2400*** | ***2 fhigiúr x 1 mharc an ceann*** |

**8 marc: 8 x 1 mharc an ceann.**

(b) Samplad'allmhaire dhofheicthed'Éirinn is ea na hÉireannaigh a ghabhfaidh chuig na Cluichí Oilimpeacha i Londain in 2012. (25 marc)

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi **agus** luaigh sampla **amháin** eile d'allmhaire dhofheicthe.

Tomhaltóirí Éireannacha ag ceannach seirbhísí ó thíortha eile / fágann airgead Éire.

**6mharc**

Luaigh sampla **amháin** d'allmhairí dofheicthe.

(i) Muintir na hÉireann ag úsáid seirbhísí airgeadais eachtracha.
(ii) Racghrúpaí eachtracha ag seinm in Éirinn.
(iii) Ryanair ag baint úsáide as foirne cothabhála i dtíortha taobh amuigh d'Éirinn.

**4 mharc.**

(ii) Pléigh **trí** bhuntáiste do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le méadú ar easpórtálacha.

**1. Cruthú post.**
Nuair is ann d'onnmhairí is ann d'éileamh méadaithe ar earraí a táirgeadh in Éirinn, chomh maith le fostaíocht mhéadaithe dá bharr.

**2. OTN/ Fás geilleagrach méadaithe**
Eascróidh ioncam méadaithe laistigh den tír as an airgead a fhaightear ó onnmhairí.

**3. Brabúis / díolacháin mhéadaithe.**
D'fhéadfadh gnólachtaí intíre a gcuid díolachán/brabús a mhéadú trína n-aschur barrachais a onnmhairiú ar mhargadh eachtrach/barainneachtaí scála.

**4. Airgeadraí eachtracha a thuilleamh.**
Is féidir le fáil airgeadraí eachtracha cur le cúlchistí ár dtíre / an t-airgeadas a chur ar fáil chun cabhrú íoc as ár gcuid allmhairí.

**5. Infheistíocht a mhealladh.**
Feabhsóidh tréanonnmhairí an mhuinín as an tír agus d'fhéadfaidís cuidiú le hinfheistíocht a mhealladh go hÉirinn.

**6. Cúrsaí airgeadais an Rialtais.**
Déanfaidh gníomhaíocht gheilleagrach mhéadaithe ioncaim chánach mhéadaithe a ghiniúint don rialtas m.sh. CBL / ÍMAT / CPT.

**15 mharc: 3 ag 5 mharc an ceann. Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

(c) D'éirigh le GFT Éireann (*IDA Ireland* i mBéarla) infheistíocht a mhealladh chun na hÉireann i bhfoirm cuideachtaí ilnáisiúnta (CIN).

(i) Ainmnigh **dhá** CIN in Éirinn.
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a n-airíonn na CIN mealladh chun na hÉireann.
(iii) Pléigh **dhá** bhuntáiste eacnamaíocha atá ann do gheilleagar na hÉireann nuair a lonnaíonn CIN anseo. **(30 marc)**

(i) Dhá CIN in Éirnn:

**2 chuideachta ar bith x 5 mharc an ceann.**

Google / Facebook / Pfizer / Coca Cola / Intel / Apple /
Kerry Group / Dell / IBM / Microsoft / CRH

(ii) Dhá chúis a mealltar CIN chun na hÉireann

**1. Fáil ar lucht saothair oilte**
Tá fáil ag gnólachtaí ar lucht saothair atá mór, le daoine a bhfuil oideachas orthu agus atá iloilte. Cúnamh é seo leis na costais oiliúna a laghdú do na gnólachtaí seo.

**2. Rátaí cánachais ísle.**
Is é ráta na cánach brabúis chorparáide in Éirinn ceann de na rátaí is ísle san AE.

**3. Teachtarmhargadh an AE/Ball d'eor-airgeadra**
Tá teacht ag gnólachtaí a lonnaíonn in Éirinn ar shaorghluaiseacht a gcuid earraí san AE.
Is ball de limistéar an euro í Éire agus tá íocaíochtaí as idirbhearta idirnáisiúnta níos éasca i limistéar an euro dá bharr, rud a dhéanann limistéar an euro níos tarraingtí.

**4. Fáil ar dhreasachtaí stáit.**
Féadfaidh gnólachtaí leas a bhaint as deontais tharraingteacha agus dreasrachtaí eile a chuireann an stát ar fáil.
I measc na samplaí tá: réamh-mhonarchana; eastáit tionsclaíochta le seirbhísí;
rannaíocht maidir le costais oiliúna; deontais taighde agus forbartha etc.

**5. Caidreamh tionsclaíoch maith.**
De bharr comhpháirtíochtaí sóisialta tá sé réasúnta síochánta i réimse na dtionsclaíochta, rud a thugann deis do na gnólachtaí a bheith táirgiúil gan bhriseadh.

**6. Rátaí tarraingteacha an toraidh ar infheistíochtaí.**
Lonnaíonn gnólachtaí anseo ós rud é go bhfuil an ráta toraidh ar a gcuid infheistíochta i bhfad níos tarraingtí ná mar atá sé in áiteanna eile.

**2 chúis ag 5 mharc an ceann**
**Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

(iii) Pléigh **dhá** bhuntáiste eacnamaíocha atá ann do gheilleagar na hÉireann nuair a lonnaíonn CIN anseo.

| **Ráiteas** | **Míniúchán** |
|---|---|
| **Ba chóir go dtagfadhméadú ar an bhfostaíocht** | Nuair a lonaíonn gnólachtaí eachtracha in Éirinn cuidíonn siad le fostaíocht a chruthú go díreach ina ngnólachtaí féin agus mar sin ardaíonn an leibhéal fostaíochta. Bíonn éileamh acu freisin ar fhosheirbhísí agus ba chóir go mbeadh níos mó post sna gnólachtaí a mbeadh á soláthar. |
| **Méadóidh onnmhairí** | Déanann roinnt de na gnólachtaí a lonnaíonn anseo a n-earraí a tháirgeadh le haghaidh margaidh idirnáisiúnta atá níos mó mar anseo in Éirinn is margadh intíre beag atá ann agus tá rochtain iomlán againn ar mhargadh an AE. |
| **Méadóidh ioncam cánachais** | Ba chóir go méadódh ioncam ó cháin ioncaim leis an méadú ar an leibhéal fostaíochta. Ba chóir go n-ardódh ioncam ó cháin indíreach leis an méadú ar an gcaiteachas ó na gnólachtaí agus a bhfostaithe. Lena chois sin, baileoidh an stát níos mó ioncaim ó cháin bhrabúis chorparáide. |
| **Méadóidh gníomhaíocht gheilleagrach** | Le onnmhairí méadaithe tiocfaidh ardú ar an sreabhadh ciorclach ioncaim agus cuideoidh sé seo le fás geilleagrach a spreagadh. |
| **Infheistíocht a mhealladh** | Dá mbeadh na CINanna brabúsach d'fhéadfadh sé seo cuidiú le foras láidir a bhunú chun FDI a mhealladh go hÉirinn. |
| **Buntáistí don gheilleagar áitiúil** | Beidh buntáistí i ndán don gheilleagar áitiúil m.sh. buntáistí méadaithe do ghnólachtaí lónadóireachta, tacsaithe, glantóirí, bialanna, tithe tábhairne etc. Leis sin, d'fhéadfadh CINanna roinnt amhábhar a fháil ó ghnólachtaí áitiúla. |

**2 bhuntáiste ag 5 mharc an ceann**
**Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

## C8 Téarmaí, Cánachas agus an Fiachas Náisiúnta

(a) Mínigh **trí** cinn **ar bith** díobh seo

- Easnamhar an mBuiséadReatha;
- Cáin Fhorchéimnitheach;
- Náisiúnú;
- Cúlú eacnamaíochta. **(21 marc)**

Easnamhar an mBuiséadReatha:

Sáraíonn caiteachas reatha an rialtais ioncam reatha an rialtais.

Cáin Fhorchéimnitheach:

Cáin a bhaineann céatadán níos airde d'ioncamanduine mar cháin de réir mar a mhéadaíonn ioncam an duine.

Náisiúnú:

Gnólacht faoi úinéireacht phríobháideach a thabhairt faoi úinéireacht an rialtais.

An cúlú eacnamaíochta:

Laghdú ar an OTI le dhá ráithe as a chéile nó níos mó ná sin.

**3 fhreagra chearta ar bith x 7 marc an ceann.**

(b) I mBuiséad Reatha an Rialtais don bhliain 2012 tugadh isteach ráta méadaithe CBL, cánacha carbóin méadaithe agus muirear teaghlaigh nua de €100.

(i) Mínigh **gach** ceann de na cánacha a bhfuil líne fúthu.

(ii) Déan plé ar bhealach **amháin** a mbeidh tionchar eacnamaíoch ag na méaduithe cánach sin ar **gach** ceann díobh seo a leanas:

- Teaghlaigh;
- Miondíoltóirí in Éirinn;
- AntEasnamharBhuiséadReatha an Rialtais. **(30 marc)**

(i) Míniúarchánacha:

CBL: **cáin a ghearrtar ar earraí agus ar sheirbhísí / ar chaiteachas.**

Cánacha carbóin: **cáin chomhshaoil í seo a ghearrtar ar an méid carbóin atá i mbreoslaí.**

Muirear teaghlaigh: **muirearbliantúil é seoatá le híocagúinéiríréadmhaoine cónaithe.**

**3 mhíniúchán x 5 mharc an ceann.**

(ii) Tionchar eacnamaíoch a mbíonn ag na cánacha thuas ar **gach ceann** díobh seo a leanas:

| Grúpa | Tionchar eacnamaíochta | |
|---|---|---|
| | Ráiteas | Míniúchán |
| Teaghlaigh | • Caighdeán maireachtála<br>• Dreasú laghdaithe chun bheith agobair<br>• Dreasú chun bheith tíosach ar fhuinneamh<br>• Geilleagar dubh:<br>• Táirgiúlacht laghdaithe<br>• Deacrachtaí airgeadais | • Laghdaíonn sé seo de bharr ioncam indiúscartha níos ísle.<br>• D'fhéadfadh cáiníocóirí a leibhéil táirgiúlachta a laghdú.<br>• D'fhéadfadh tomhaltóirí éirigh níos tíosaí ar fhuinneamh agus insliú;athrú go carranna atá níos tíosaí ar fhuinneamh.<br>• Chun muirir CBL níos airde a sheachaint d'fhéadfadh daoine tráchtearraí a cheannach ar an margadh dubh.<br>• D'fhéadfadh meathlúchán ar shláinte de bharr deacrachtaí airgeadais táirgiúlacht a laghdú.<br>• D'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí ag daoine dul i ngleic lena gceangaltais airgeadais agus bheadh orthu brath ar chabhair ón stát. |
| Miondíoltóirí in Éirinn | • Díolacháin laghdaithe<br>• Caillteanais phost<br>• Gnólachtaí a d'fhéadfadh dúnadh.<br>• An gá le dul san iomaíocht | • Brabúis laghdaithe mar thoradh air seo.<br>• Le díolacháin laghdaithe d'fhéadfadh sé go gcaillfeadh oibrithe a bpoist.<br>• Dá dtitfeadh díolacháin go leibhéil nach bhféadfaí glacadh leo, bheadh ar ghnólachtaí dúnadh m.sh. siopaí CLUICHÍ.<br>• D'fhéadfadh miondíoltóirí praghsanna a laghdú / seirbhísí a fheabhsú chun custaiméirí a mhealladh. |
| An tEasnamharBhuiséadReatha an Rialtais | • Ioncam méadaithe ó cháin indíreach<br>• Titeann an caiteachas<br>• Téann gníomhaíocht ghnó i laghad | • Mar sin ba chóir go dtitfeadh an CBD.<br>• Má thagann laghdú ar an gcaiteachas de bharr mhéadú CBL titfidh ioncam CBL agus ardóigh CBD.<br>• Titfidh an leibhéal fostaíochta agus mar sin titfidh ioncam ócháin dhíreach. |
| **3 x 5 mharc** | **Luaigh: 3 x 2 mharc** | **Míniúchán: 3 x 3 mharc.** |

(c) Ar cheann d'fheidhmeanna GBCN (*NTMA* i mBéarla) tá bainistiú a dhéanamh ar Fiachas Náisiúntana hÉireann thar ceann an Rialtais.

(i) Cad dó a seasann na ceannlitreacha GBCN?
(ii) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** mhíbhuntáiste eacnamaíocha a bhaineann le Fiachas Náisiúnta na hÉireann. **(24 marc)**

(i) Gníomhaireacht Bainistíochta an ChisteáinNáisiúnta: **8mharc**

(ii) Fiachas Náisiúnta:

An tsuim iomlán/charnach d'iasachtaíocht an rialtais atá gan íoc. **6mharc**

(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** mhíbhuntáiste eacnamaíocha a bhaineann le fiachas náisiúnta na hÉireann.

**1. Deischostais lena mbaineann.**
Agus níos mó cistí á n-úsáid chun íoc as ár gcuid aisíocaíochtaí bliantúla úis, tá níos lú cistí ar fáil ag an rialtas le caitheamh chun críocha eile.

**2. Ualach méadaithe ar cháiníocóirí.**
Beidh ar an rialtas breithniú a dhéanamh ar chánacha a mhéadú amach anseo; muirir nua theaghlaigh a thabhairt isteach etc. agus beidh caighdeán níos ísle maireachtála do shaoránaigh ina thoradh air seo.

**3. Ús bliantúil ar aisíocaíochtaí.**
Ciallaíonn ár bhfiachas náisiúnta go bhfuil ar an tír an costas bliantúil a bhaineann le haisíocaíocht ár bhfiachais náisiúnta a chomhlíonadh.

**4. Soláthar seirbhísí poiblí i mbaol / ciorruithe ar chaiteachas an rialtais**
De bharr an fhiachais náisiúnta, tá an rialtas tar éis an caiteachas ar sheirbhísí poiblí a chiorrú, agus is meath ar sholáthar roinnt seirbhísí atá ina thoradh air seo, e.g. an tseirbhís sláinte; an tseirbhís oideachais.

**5. Muinín laghdaithe an phobail.**
D'fhéadfadh saoránaigh a muinín as an ngeilleagar a chailleadh agus a gcuid caiteachais a laghdú mar gheall air seo. D'fhéadfadh seo an fás geilleagrach a bhreislaghdú.

**6. Rátáil laghdaithe chreidmheasa idirnáisiúnta**
Ciallaíonn an chaoi go meastar go bhfuil fiachas náisiúnta atá ag dul i méid ag Éirinn go bhfuil meath ag teacht ar ár rátáil chreidmheasa.

**7. An tAE/CAI: coinníollacha a cuireadh i bhfeidhm ar Éirinn**
ChuirantAE/CAI coinníollachalenár n-iasachtaíocht agus, mar sin, ní mór tabhairt faoi ghníomhaíocht cheartaithe i ndáil le saincheisteanna beartais eacnamaíochta agus comhaontú an AE/CAI a fháil.

**2 phointe x 5 mharc an ceann.**
**Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 3 mharc.**